Roinn
on
Taoiseach

# Tuarascáil Bhliantúil 2013

# Roinn an Taoisigh

# Tuarascáil Bhliantúil 2013

**Teachtaireacht ón Taoiseach**

Seo í an tríú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn atá déanta i dtaca leis na tosaíochtaí a leagadh amach i nDoiciméad Straitéise 2011-2014 ó mo Roinn. I gcaitheamh 2013, lean mo Roinn de bheith ag tacú le hobair an Rialtais chun cobhsaíocht airgeadais a athshlánú, chun poist a chruthú agus dífhostaíocht a laghdú mar aon le dlús a chur faoin bpróiseas athchóirithe de réir an Chláir Rialtais.

Áirítear na nithe seo a leanas ar an méid atá bainte amach le haghaidh 2013:

- Slí amach rathúil ag Éire as an gClár Troika
- Cur i bhfeidhm rathúil an Phlean Gnímh le haghaidh Poist 2013 agus Bhealaí Chun na hOibre agus cruthaíodh 61,000 post in 2013, agus cé go bhfuil an figiúr sin fós ró-ard, tá an líon atá dífhostaithe ag laghdú.
- Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ar éirigh thar barr léi sa chéad leath den bhliain
- Bhí spriocanna nua d'athstruchtúir morgáistí bainc i bhfeidhm agus á mbaint amach agus bhí an t-seirbhís dócmhainneachta nua i bhfeidhm freisin
- Leanadh ar aghaidh le hathchóiriú na seirbhíse poiblí le Comhaontú Bhóthar Haddington, foilsíodh plean athchóirithe nua agus cuireadh mórchlár athchóirithe sna hearnálacha sláinte, rialtais áitiúil agus oideachais chun cinn.
- Cuireadh sraith nua athchóirithe Dála i bhfeidhm agus leanadh ar aghaidh le hathchóiriú Bunreachtúil trí shárobair an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil agus tionóladh dhá Reifreann breise

I dtromlach na gcásanna, d'oibrigh mo Roinn le Ranna eile, agus d'oibrigh sí go minic le córas an Choiste Comh-Aireachta, chun na torthaí seo a bhaint amach. Thar ceann mo chomhghleacaithe agus na nAirí Stáit, Paschal Donohoe T.D. agus Paul Kehoe T.D., glacaim buíochas le foireann na Roinne as an obair a rinne sí maidir leis an dul chun cinn a rinne an Rialtas in 2013.

**Éanna Ó Coinnigh T.D.**
**Taoiseach**

# Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Is cúis áthais dom é Tuarascáil Bhliantúil 2013 do Roinn an Taoisigh a chur i láthair.

Le linn bliana inar chuir an Státseirbhís tús le mórphróiseas chun féachaint ar an ról agus ar an bhfís a bheadh aici don todhchaí, creidim gur féidir le foireann na Roinne seo a bheith an-bhródúil as an dóigh a ndeachaigh siad i ngleic leis na dúshláin a tháinig chun cinn agus an méid oibre a rinne siad i dtaca leis an méid ar baineadh amach go dtí seo.

Ba chéim mhór chun cinn a bhí ann d'Éire é chomh maith is a d'éirigh le hUachtaránacht na hÉireann in 2013 agus is léiriú a bhí ansin ar an obair chrua a rinneadh. Tionóladh 185 cruinniú ardleibhéil in Éirinn i rith na 181 lá. Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le fócas an Rialtais ar chur i bhfeidhm an athchóirithe beartas agus seirbhíse lenar bhain 90 cruinniú Coiste Comh-Aireachta in 2013 le Grúpaí Oifigeach Sinsearacha ábhartha breise agus obair ghaolmhar.

Cé gur laghdaíodh arís an soláthar foirne sa Roinn tar éis na hUachtaránachta, lean sí ar aghaidh ag cur tacaíocht chuimsitheach ar fáil don Taoiseach ag baile agus thar lear, ag cruinnithe Rialtais agus san Oireachtas. Rinneadh obair i rith na bliana freisin maidir le mórathchóiriú Dála a chur i bhfeidhm agus reáchtáladh Reifreann an tSeanaid  i rith na bliana freisin mar aon le mór obair an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil ar thacaigh an Roinn seo leis freisin.

Tá clár forbartha ceannaireachta agus gníomhaíochtaí oiliúna forleathan i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh an Roinn ullamh chun dul i ngleic le gach dúshlán amach anseo.

Gabhaim buíochas le foireann na Roinne as a tacaíocht agus a dílseacht leanúnach agus táim ag súil le hobair an Rialtais a chur chun cinn sa bhliain atá amach romhainn.

**Martin Fraser**

**Ard-Rúnaí**

## Misean

*Is é ár gcuspóir tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas chun réiteach a fháil ar an ngéarchéim eacnamaíochta reatha, an Clár don Rialtas a chur i bhfeidhm agus sochaí níos cothroime agus todhchaí níos fearr d'Éire agus dá saoránaigh a chruthú.*



## Tosaíochtaí Straitéiseacha 2011-2014

### 1. POIST AGUS BORRADG
Dul i ngleic leis an ngéarchéim eacnamaíochta le fócas ar leith ar phoist agus ar bhorradh

### 2. AN EORAIP
A chinntiú go mbeidh ról iomlán agus éifeachtach ag Éire i ngach réimse d'Aontas na hEorpa

### 3. CLÁR RIALTAIS
Maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iomlán an Chláir Rialtais

### 4. SEIRBHÍS
Seirbhísí tacaíochta den scoth a chur ar fáil don Taoiseach agus don Rialtas.

### 5. MUINÍN
Tacaíocht a thabhairt chun muinín in institiúidí an Stáit agus i gclú na hÉireann sa bhaile agus thar lear a athchóiriú agus a athbhunú, lena léiriú go bhfuil ceachtanna foghlamtha ón am atá caite

### 6. ATHCHÓIRIÚ
An tseirbhís phoiblí a athnuachan agus a athchóiriú

### 7. COTHROIME
Tacaíocht a thabhairt lena chinntiú go dtacóidh beartais agus seirbhísí Rialtais le sochaí a bheidh cothrom agus uilechuimsitheach go sóisialta

### 8. SÍOCHÁIN
Tacaíocht a thabhairt chun síocháin a choinneáil agus caidrimh ar oileán na hÉireann agus caidrimh idir Sasana agus Éire a fheabhsú

## Príomhfheidhmeanna 2013


- príomhfheidhmeanna an Taoisigh agus an Rialtais
- Rúnaíocht an Rialtais
- Oifig Phríobháideach an Taoisigh agus oifigí Phríomh-Aoire an Rialtais agus an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha
- Oifig an Tánaiste
- Preasoifig an Rialtais
- tacaíodh leis an Taoiseach agus é i mbun a chuid dualgas mar Cheann an Rialtais ó thaobh an Oireachtais, Saincheisteanna Bunreachta, Prótacail, na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus Comhairle na Breataine-na hÉireann, na Comhairle Eorpaí agus tiomantas eile idirnáisiúnta agus AE
- glacadh páirt i gcur le chéile agus i gcur i bhfeidhm beartas rialtais, go príomha trí chóras na gCoistí Comh-Aireachta lena n-áirítear an Chomhairle Bainistíochta Eacnamaíochta, Grúpaí Oifigeach Sinsearach agus an Clár nua d'Oifig an Rialtais
- cuireadh faisnéis agus comhairle ar fáil don Taoiseach ar raon iomlán saincheisteanna maidir le beartas baile agus gnóthaí idirnáisiúnta
- tacaíodh leis an Taoiseach agus leis an Rialtas ó thaobh beartas AE a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear leasanna beartas AE a chomhordú ar fud an Rialtais ar fad
- rinneadh ról comhordaithe maidir leis an Tionscal Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta in Éirinn a fhorbairt
- rinneadh seirbhísí tacaíochtaí a sheachadadh tríd an Rannán Gnóthaí Corparáideacha (Acmhainní Daonna, Airgeadas, IT agus seirbhísí eile)

# Buaicphointí

De réir an Chláir Rialtais, tá sé mar aidhm ag an Roinn ionad straitéiseach a chur ar fáil a chinnteoidh cur chuige ceangailte i leith fhorbairt agus chur i bhfeidhm bheartas an Rialtais.


Baineadh lear mór-éachtaí amach i rith 2013 lenar chuidigh an Roinn leo agus í ag obair le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile:

- D'éascaigh slí amach rathúil na hÉireann as an gClár Troika an margadh a baineadh amach maidir leis an Nóta Gealltanais agus comhlíonadh spriocanna fioscacha in 2013
- Tá moladh forleathan tugtha do chomh maith is a d'éirigh le hUachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach sa chéad leath de 2013
- Cuireadh go mór le seasamh agus le clú idirnáisiúnta na hÉireann trí chuairteanna freisin a thug an Taoiseach ar Mheiriceá, ar an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda i Davos,  ar an Mullach G8 i Loch Éirne, ar an tSeapáin, agus le déanaí, ar Stáit na Murascaille. Bhí Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain ina chuid lárnach eile den phróiseas seo
- Tá an cur i bhfeidhm éifeachtach maidir leis an bPlean Gnímh le hAghaidh Poist agus Straitéis na mBealaí chun na hOibre a foilsíodh i mí Iúil, léirithe sa laghdú atá tagtha ar dhífhostaíocht go dtí 12.1% agus an filleadh atá déanta arís ar mhórchruthú post nua
- Athchóiriú leanúnach ar na seirbhíse poiblí, go háirithe trí Chomhaontú Bhóthar Haddington a tugadh chun críche i mí Meithimh seo caite, mar aon le mórchlár athchóirithe eile sna hearnálacha Rialtais Áitiúil, Sláinte, Oideachais agus eile
- Straitéis chuimsitheach a chur ar bun do riaráistí morgáiste lena n-áirítear spriocanna an Bhainc Cheannais d'iasachtóirí agus bunú na Seirbhíse Dócmhainneachta nua
- Athchóirithe polaitiúla agus bunreachtúla lena n-áirítear céim nua athchóirithe Dála a tugadh isteach i Meán Fómhair seo caite, obair an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil agus comhlíonadh an ghealltanais reifreann a reáchtáil don Seanad.



Léiríonn na garspriocanna seo a leanas an obair ar fad a rinneadh i dteannta Roinn an Taoisigh, go hiondúil agus í ag obair le Ranna eile, i dtaca le beartas Rialtais mar atá leagtha amach sa Chlár Rialtais a sheachadadh.

## Ráithe 1




# Ráithe 2

- Síniú ar thréimhe iasachta an EFSF daingnithe– arbh fhiú €20 billiún é
- Cuireadh tuairisc cothrom le dáta na hÉireann faoin gClár Athchóirithe Náisiúnta na hEorpa 2020 i gcrích
- Foilsíodh an Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Gnímh le hAghaidh Post 2013 agus seachadadh 96% de na bearta a bhí inti
- Rinneadh idirbheartú maidir le Comhaontú Bhóthar Haddington le ceardchumainn na Seirbhíse Poiblí
- Tugann Príomh-Airí na Seapáine agus Ceanada cuairt ar an Taoiseach
- Foilsíodh agus achtaíodh reachtaíocht nua maidir le Cosaint na mBeatha i Rith Toirchis
- Cruinnithe Iomlánacha an Choinbhinsiún Bhunreachtúil ar Phósadh aon-inscne agus ar Chóras Toghcháin na Dála
- Reáchtáladh sraith imeachtaí ar feadh seachtaine chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na hEorpa i mBealtaine
- Bunaíodh Grúpaí Ospidéil mar an chéid chéim i dtreo Iontaobhas Neamhspleácha
- Fáiltíonn an Taoiseach roimh ceannairí Domhanda in Éirinn don Mhullach G8
- Foilsíonn an NESC tuarascáil ar ghné shóisialta na géarchéime
- Bunaíodh Scéim Cúitimh d'iarchónaitheoirí na Neachtlann Magdalen
- Baineann Uachtaránacht na hÉireann comhaontú amach maidir le Buiséad AE lena n-áirítear €11 billiún d'Éire
- Freastalaíonn an Taoiseach ar chruinniú Chomhairle na Breataine-na hÉireann i nDoire
- Tionóladh Fóram Tógála le geallsealbhóirí maidir leis na dúshláin & na deiseanna amach anseo
- Foilsíodh reachtaíocht a rinne foráil do Reifreann an tSeanaid

**Ráithe 3**


Seoladh plean gnímh 50-pointe - Bealaí Nua Chun na hOibre
Tionóladh seimineár ar Chlú Idirnáisiúnta na hÉireann
Casann an Taoiseach le Teaghlaigh na nDaoine a d'Imigh Gan Tásc ná Tuairisc
Ráiteas Beartas an Rialtais ar Rialáil Eacnamaíochta
Foilsíodh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Gnímh le hAghaidh Poist agus seachadadh 89% de na bearta a bhí inti
Cruinniú Iomlánach an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil ar Chearta na Saoránach thar lear chun vótáil i dtoghcháin Uachtaránachta
Tosaíonn an t-seirbhís dócmhainneachta pearsanta nua ag glacadh iarratas
Comhchruinniú Iomlánach Ard-Rúnaí Éire-RA – Rúnaí Buan tar éis fhoilsiú chomhstaidéar eacnamaíochta
Achtaíodh reachtaíocht nua chun cur le socruithe cuntasachta HSE
Cuireadh an 2ú sraith d'Athchóirithe Dála i bhfeidhm
Lá Cuimhneacháin Náisiúnta
Rinneadh láithreán gréasáin na Roinne a uasghrádú

# Ráithe 4


Foilsíodh Buiséad 2013 agus is léir go raibh Éire chun na spriocanna easnaimh bhuiséid a bhaint amach
Tionóladh Reifrinn na Cúirte Achomhairc agus an tSeanaid
Comhaontaíonn an Rialtas pacáiste beart chun dul i ngleic le míúsáid alcóil
Freastalaíonn an Taoiseach ar chruinniú Chomhairle na Breataine-na hÉireann
Foilsíodh an Tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Gnímh, agus seachadadh 84% de na bearta a bhí inti
Foilsíonn an NESC an Tuarascáil - *Ireland's Five Part Crisis, Five Years On : Deepening Reform and Institutional Innovation*
Roghnaíodh láithreacha breise don Chlár Ceantair-Bhunaithe chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí
Thug Príomh-Aire na hIodáile cuairt ar an tír
Comhaontaíodh Creat Réitigh le cónaitheoirí Halla Priory
Freastalaíonn an Taoiseach ar an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha
Naoi gcruinniú Réigiúnach an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil agus cruinniú comhiomlán chun deireadh a chur leis an gCion Diamhasla
Bhí an Taoiseach i gceannas ar mhisean trádála chuig an tSeapáin
Imíonn Éire as an gclár tarrthála go rathúil
Freastalaíonn an Taoiseach ar Chomóradh an Chéad Chogaidh Dhomhanda in Inis Ceithleann agus i Flanders leis an bPríomh-Aire Cameron

# Coistí Comh-Aireachta

Tá an Chomhairle Bainistíochta Eacnamaíochta agus na Coistí Comh-Aireachta lárnach i leith obair Roinn an Taoisigh i dtaca le Beartas Rialtais agus comhoibriú trasrannach éifeachtach a chur i ngníomh:

| | |
|---|---|
| An Chomhairle Bainistíochta Eacnamaíochta | • a dhéanann maoirseacht ar chur chuige an Rialtais i dtaca le nithe a bhaineann le pleanáil eacnamaíoch agus nithe buiséadacha agus beartas baincéireachta. |
| An Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh Eacnamaíochta agus Poist | • a dhíríonn ar chur i bhfeidhm beartas chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíochta a athbhunú agus le poist a chruthú |
| An Coiste Comh-Aireachta um Bhealaí Chun na hOibre | • a thacaíonn le beartas cuimsitheach agus soiléir a sheachadadh mar fhreagra ar dhaoine atá dífhostaithe a choinneáil i mbun gnímh |
| An Coiste Comh-Aireachta um Infreastruchtúr Eacnamaíochta | • a fhéachann le hinfheistíocht tháirgiúil a uasmhéadú ar fud an gheilleagair, go háirithe trí thionscnamh na Ré Nua. |
| An Coiste Comh-Aireachta um Ghnóthaí Eorpacha | • a chinntíonn go mbíonn cur chuige comheagraithe náisiúnta ann i leith gnóthaí AE ag cur le rathúlacht Uachtaránacht na hÉireann |
| An Coiste Comh-Aireachta um Shláinte | • a dhíríonn ar spriocanna uaillmhianacha an Rialtais a fhorbairt agus a sheachadadh le haghaidh athchóiriú sláinte agus bainistiú caiteachais sláinte |

# Coistí Comh-Aireachta

**90**

**cruinniú Coistí Comh-Aireachta**

**2013**

| | |
|---|---|
| An Coiste Comh-Aireachta um Riaráistí Morgáiste agus Infhaighteacht Creidmheasa | • a chomheagraíonn freagairt an Rialtais chun cuidiú le teaghlaigh atá faoi riaráistí morgáiste agus a dhéanann maoirsiú ar bhearta lena chinntiú go mbeidh a dóthain maoinithe ar fáil don gheilleagar |
| An Coiste Comh-Aireachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí | • a dhéanann maoirsiú ar phlean athchóirithe cuimsitheach an Rialtais |
| An Coiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta | • a chuireann dlús faoi athchóirithe beartas sóisialta agus feabhsuithe seirbhíse chun tacú le sochaí a bheidh uilechuimsitheach agus cothrom |
| An Coiste Comh-Aireachta um Athrú Aeráide agus an nGeilleagar Glas | • a dhéileálann le straitéisí chun fóirithint ar ár gcuid spriocanna astaithe gás ceaptha teasa, spriocanna atá an-ghéar, chomh maith leis na deiseanna a bheidh ann d'Éirinn san fhiontraíocht ghlas |
| An Coiste Comh-Aireachta um an Ghaeilge agus an Ghaeltacht | • a fhéachann leis an nGaeilge a chur chun cinn agus le tacú le pobail Ghaeltachta agus le teaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge. |

# Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach 2013

Rinne Roinn an Taoisigh, ag obair go dlúth le Buanionadaíocht, maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chláir Uachtaránachta ag na Ranna Rialtais ar fad, a dhírigh ar chobhsaíocht, ar phoist agus ar fhás a sheachadadh. I dtuarascáil torthaí na hUachtaránachta, a foilsíodh go luath in Iúil 2013, leagtar amach móréachtaí Uachtaránacht na hÉireann ó thaobh sheachadadh an chláir arna leagan amach ag Éire féin.

Le linn na hUachtaránachta rinneadh cathaoirleacht ar 2,477 cruinniú agus imeacht ar fud na hEorpa, agus astu sin tionóladh 185 díobh in Éirinn, ar feadh 181 lá den Uachtaránacht. Baineadh amach níos mó ná 200 gealltanas beartas, mar aon le níos mó ná 80 gealltanas i bhfoirm reachtaíochta, lenar mb'éigean 374 idirphlé trípháirteach a reáchtáil le Parlaimint na hEorpa agus 111 uair an chloig d'idirchaidreamh pholaitíochta idir Airí agus Parlaimint na hEorpa.

I measc na n-éachtaí tábhachtacha, rinneadh comhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gCreat Oibre Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 arbh fhiú é agus €960 billiún, rinneadh Ráthaíocht Óige arbh fhiú é agus €6 billiún a dhaingniú agus a thús-ualú, comhaontaíodh príomhbhearta rialachais baincéireachta agus eacnamaíochta ar nós an Sásra Maoirseachta Aonair, an Treoir maidir le Riachtanais Chaipitil, an dul chun cinn ar Réiteach agus Téarnamh Bhaincéireachta agus comhaontú an "Two Pack", a rinne athchóiriú ar an CAP agus ar an gComhbheartas Iascaigh, agus daingníodh an mhandáid chun tús a chur le hidirbheartaíochtaí idir an AE agus SAM ar Thrádáil Thrasatlantach agus ar Chomhpháirtíocht Infheistíochta.

Bhí Roinn an Taoisigh freagrach freisin as straitéis Cumarsáide na hUachtaránachta mar aon lena láithreán gréasáin, cumarsáid phoiblí, craoltóireacht agus seirbhísí grianghrafadóireachta. Tugadh níos mó ná 517,000 cuairt as níos mó ná 200 tír ar láithreán gréasáin na hUachtaránachta (www.eu2013.ie). Meastar gur tháinig níos mó ná 24,000 cuairteoir chun na hÉireann ar mhaithe le himeachtaí a bhain leis an Uachtaránacht. Reáchtáladh 929 imeacht breise ar fud an domhain freisin mar chuid de chlár cultúrtha na hUachtaránachta.

baineadh amach 200 gealltanas beartais

tionóladh 185 cruinniú in Éirinn

500,000 cuairt ar www.eu2013.ie ó 200 tír

# Cuairteanna agus Ócáidí Stáit

In 2013, d'eagraigh an Roinn roinnt cuairteanna agus ócáidí Stáit tábhachtacha nó chuidigh sí lena n-eagrú:

- Cuairteanna Oifigiúla isteach sa tír ag Uachtarán na hIorua, Príomh-Aire Ceanada; Príomh-Aire na Seapáine; Príomh-Aire na hIodáile, Leascheannaire na Síne; Ard-Rúnaí NATO; Iar-Uachtarán SAM Bill Clinton; Iar-Rúnaí Stáit Hillary Clinton
- Cuairteanna ar an tír a bhain le hUachtaránacht an AE ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa, an Choimisiúin agus na Comhairle; Uachtarán Laitvia; Príomh-Aire na Seirbia; Príomh-Aire na Sualainne; Stiúrthóir Bainistíochta an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta; agus Coimisinéir AE Barnier
- Searmanas cuimhneacháin don 97ú Comóradh ar Éirí Amach na Cásca
- Searmanas bliantúil Lá Cuimhneacháin Náisiúnta i mBaile Átha Cliath
- Ar an 19 Nollaig 2013 thug an Taoiseach agus an Príomh-Aire Cameron cuairt ar uaigheanna cogaidh i Flanders chun comóradh a dhéanamh ar na saighdiúirí Éireannacha agus Sasanacha a bhásaigh sa Chéad Chogadh Domhanda agus ómós a léiriú dóibh

Tá tacú le gníomhaíochtaí an Taoisigh le pobail thar lear ina ghné lárnach d'obair na Roinne. Ar an iomlán, i rith 2013, ghlac an Taoiseach páirt i 45 cruinniú agus gníomhaíocht urlabhra i Stáit Aontaithe Mheiriceá le raon leathan ceannairí sinsearacha polaitíochta, sibhialta agus gnó, ghlac sé páirt freisin i 24 gníomhaíocht polaitíochta, gnó agus urlabhra sa tSeapáin agus rinne sé 15 óráid os comhair lucht éisteachta idirnáisiúnta anseo in Éirinn. Thacaigh an Roinn freisin leis an Taoiseach agus é ag freastal ar chruinnithe ar fud na bliana sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip, cruinnithe sa Chomhairle Eorpach san áireamh.

233 gníomhaíocht baile a rinne an Taoiseach

90 gníomhaíocht urlabhra de chuid an Taoisigh le linn cuairteanna thar lear

Scríobhadh 260 óráid

## *Tosaíocht Straitéiseach 1*

# Poist agus Fás


Tá poist agus téarnamh fós ina phríomhthosaíocht agus lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais chun maoirseacht a dhéanamh ar  chur i bhfeidhm Chlár an Rialtais i leith phleanáil eacnamaíochta agus nithe buiséadacha, i leith an chláir téarnaimh eacnamaíochta agus comheagrú beartais bhaincéireachta.

Ag cur le cur i bhfeidhm rathúil 90% de na bearta sa chéad phlean, seoladh an dara Plean Gnímh le hAghaidh Poist (2013) i mí Feabhra, agus chuidigh an Roinn le cothromaíocht agus trédhearcacht a chinntiú i dtaca le gníomhartha ar fud na heacnamaíochta agus ar fud chóras an Rialtais. Cé go bhfuil an ráta sin fós ró-ard, tá dífhostaíocht ag laghdú agus táthar ag cruthú post nua ag an ráta is tapa ó 2007 – ardú 61,000 bliain ar bhliain ag deireadh 2013.

Ar fud 2013, d'oibrigh an Roinn le gach Roinn ábhartha lena chinntiú gur seachadadh freagra beartas cuimsitheach agus trédhearcach maidir le daoine a chur ar ais ag obair, bunaithe ar an straitéis Bealaí Chun na hOibre. Mar thoradh air sin, bíonn idirchaidreamh níos rialta agus níos leanúnaí ann le daoine atá dífhostaithe agus dírítear níos mó ar dheiseanna agus réimsí chun dul i mbun gnímh oibre orthu.

Ar fud 2013, bhreithnigh an Coiste Comh-Aireachta um Infreastruchtúr Eacnamaíochta raon straitéisí infreastruchtúir tábhachtacha chun tacú le cruthú post agus le hinfheistíocht táirgiúil san eacnamaíocht, mar shampla Beartas Seirbhísí Bus, Sainbheartas na hÉireann/na Ríochta Aontaithe agus Beartas Eitlíochta. Tar éis chomhchomhairle poiblí agus idirchaidreamh le Ranna earnálach, d'fhoilsigh an Roinn Ráiteas Beartais Rialtais nua ar Rialáil Eacnamaíochta i mí Iúil 2013.

Rinne an Roinn measúnú ar éifeachtúlacht an Ghrúpa Tí Imréitigh IFSC agus rinne sí moltaí maidir le conas ar féidir an struchtúr a fheabhsú le fócas ar leith ar chruthú post agus fás eacnamaíochta a uasmhéadú in Éirinn. Lean an Roinn ar aghaidh ag cur bearta i bhfeidhm chun oscailteacht agus trédhearcacht an Ghrúpa a chur i bhfeidhm, foilsiú miontuairiscí san áireamh.



# *Tosaíocht Straitéiseach 2*
# An Eoraip

Thacaigh an Roinn leis an Taoiseach lena ról ina bhall den Chomhairle Eorpach agus leis an Tánaiste chun a fhreagracht fhoriomlán a chur i bhfeidhm maidir le gnóthaí an AE a chomheagrú. Thacaigh an Roinn freisin leis an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha. In 2013, thacaigh an Roinn leis an Taoiseach i ngach idirphlé ag leibhéal an AE agus rinne sí Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach a bhainistiú go héifeachtach sa chéad sé mhí den bhliain. Ó mhí Meithimh, bhí an Roinn ag obair chun an méid is mó agus arbh fhéidir a fháil as an Uachtaránacht maidir le clár oibre gníomhaíochtaí straitéiseacha, beartas, trédhearcacht agus institiúide.

Chuidigh an Roinn le cur chuige straitéiseach a sheachadadh i leith idirchaidreamh na hÉireann leis an AE, lena n-áirítear idirchaidreamh déthaobhach leanúnach agus comhghuaillíocht a neartú. Chuir sí le trédhearcacht ar fud sheasamh beartas a ghlac Éire maidir le cúrsaí an AE agus rinne sí monatóireacht ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le mórshaincheisteanna cothrománacha, Eoraip 2020 san áireamh, mar aon leis an gCreat Oibre Airgeadais Ilbhliantúil, chun cur chun cinn éifeachtacht a chinntiú i dtaca le leasanna na hÉireann agus thacaigh sí le beartais ag leibhéal an AE a aithint, beartas ar féidir an tacaíocht is mó a thabhairt do leasanna náisiúnta agus chinntigh sí gur tacaíodh le gníomhaíochtaí cuiditheacha.

D'oibrigh an Roinn le hidirchaidreamh le hinstitiúidí an AE agus leis an Oireachtas a fheabhsú agus le cumarsáid níos fearr leis an Eoraip a bhaint amach. In 2013 chuir an Tionscnamh Cumarsáide faoin Aontas Eorpach maoiniú €159,000 ar fáil do níos mó ná 40 grúpa i ndáil le tionscadail a bhí dírithe ar fheasacht an phobail a dhoimhniú maidir leis a ról atá ag an Aontas Eorpach inár saol gach lá. Sa dara bliain de Chlár na Réalta Goirme, tháinig ardú suntasach ar líon na mbunscoileanna a bhí rannpháirteach ó 32 go 94 ina raibh 5,000 dalta as gach cearn den tír ag foghlaim faoin Aontas Eorpach.



# *Tosaíocht Straitéiseach 3*
# An Clár Rialtais

Bhí Oifig an Chláir Rialtais i dteagmháil le gach Roinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ar ghealltanais an chláir. Foilsíodh an dara Tuarascáil Bhliantúil ar dhul chun cinn i mí an Mhárta 2013. Sa chéad dhá bhliain, tuairiscíodh go raibh dul chun cinn déanta maidir le dhá thriain de na gealltanais.

Thacaigh an Oifig freisin leis an Taoiseach agus é rannpháirteach le hAirí ag cruinnithe déthaobhacha agus cruinnithe Coiste Comh-Aireachta chun an dul chun cinn ar an gClár Rialtais a chur ar aghaidh.

Leanadh ar aghaidh leis an dul chun cinn suntasach in 2013 freisin maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanas atá faoi fhreagracht Roinn an Taoisigh.

Tugadh isteach an dara céim d'athchóirithe na Dála, lena n-áirítear am suí breise na Dála gach seachtain chun breis ama a thabhairt do dhíospóireacht agus do bhearta reachtaíochta chun ról na gCoistí Oireachtais sa phróiseas Buiséid a fhorbairt.

Tháinig an Coinbhinsiún Bunreachtúil le chéile i seisiún iomlánach le linn 2013 agus roimh dheireadh na bliana chuir sé tuarascálacha isteach ar shaincheisteanna ar nós an téarma Uachtaránachta, córas toghcháin na Dála, ról na mban sa saol poiblí agus pósadh aon-inscne. Bhí naoi gcruinniú réigiúnach aige i rith na bliana freisin, rud a thug deis don phobal cuidiú le céim dheiridh d'obair an Choinbhinsiúin.

Tar éis athbhreithniú a rinne Forfás agus comhchomhairle poiblí ar an earnáil, foilsíodh Straitéis an Rialtais ar Rialáil Eacnamaíochta i mí Iúil 2013.

Rinne an Roinn an obair reachtaíochta a bhain le tionól an reifrinn in 2013 maidir le díothú an tSeanaid chomh maith.

Tuairiscíodh 66% de Ghealltanais an Chláir Rialtais




# *Tosaíocht Straitéiseach 4*
# Seirbhís

I rith 2013, chuir an Roinn raon leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil don Taoiseach, don Rialtas agus don phobal, mar aon le seirbhísí tacaíochta inmheánacha. Áirítear ar an obair, obair a bhain le cruinnithe Rialtais, le Ceisteanna Parlaiminteacha, le faisnéisiú, le hóráidí, le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise, le turais ar Thithe an Rialtais agus le freagairt d'ionadaithe ón bpobal. Tar éis Uachtaránacht an AE in 2013, laghdaíodh comaoin an t-soláthair foirne sa Roinn go dtí 181. Tá líon na foirne laghdaithe 17% agus tá an buiséad foriomlán laghdaithe 57% ó 2008.

Cuireann an Rannán Gnóthaí Corparáide raon leathan seirbhísí ar fáil don chuid eile don Roinn, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Airgeadas, ICT, Tacaíocht agus Bainistiú Faisnéise agus Forbairt agus Oiliúint Foirne. I rith 2013, rinne Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha athbhreithniú ar Sheirbhísí ICT, ar chur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise AC 2012-2014, mór-éilimh ghearrthéarmacha a bhain le hUachtaránacht an AE a bhainistiú agus chuir siad tús le hathbhreithniú ar Chairt Custaiméirí na Roinne.

Tugadh isteach clár ionduchtaithe píolótach i rith 2013 a dhírigh ar bhaill foirne nua-shannta. Sa bhreis ar thacú le rolláil amach feabhsaithe an PMDS, chuir an Roinn clár forbartha ceannaireachta i bhfeidhm don bhainistíocht shinsearach agus chuir sí clár oiliúna intí i bhfeidhm, clár scileanna IT, agus clár oiliúna grádbhunaithe san áireamh.

Sa bhreis ar an tacaíocht ICT a cuireadh ar fáil do bhaill foirne a bhí ag obair ar Uachtaránacht an AE agus ar thacaíocht do láithreán gréasáin an AE 2013, bhí rochtain idirlín WiFi, rolláil amach Ghuthú IP agus láithreán gréasáin agus Inlíon na Roinne ar na tionscadail ICT a cuireadh chun cinn in 2013.



## *Tosaíocht Straitéiseach 5*
# Iontaoibh

I rith 2013, lean an Roinn ar aghaidh ag cur iontaoibh agus trédhearcacht chun cinn trí eolas a fhoilsiú ar líne ar bhonn ráithiúil agus trí thacú leis an dul chun cinn maidir le príomhthionscnaimh Rialtais sa réimse seo lena n-áirítear forálacha nua Saorála Faisnéise agus ballraíocht na hÉireann sa Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte.

Ar na bearta chun cumas beartas a fheabhsú sa Roinn bhí rannpháirtíocht na foirne sa tSeirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann, agus infheistíocht in oiliúint agus i bhforbairt.

Cuireadh tús in 2013 le hobair ar bhearta breise chun smaointeoireacht straitéiseach agus pleanáil chun cinn a fhorbairt. I Meán Fómhair 2013, d'fhógair an Rialtas, mar chuid dá phacáiste maidir le bearta athchóirithe na Dála, an rún atá aige doiciméad nua a fhoilsiú ar mhaithe le díospóireacht a dhéanamh air sa Dáil dar teideal an Measúnú Náisiúnta Riosca ina leagfar amach na mór-rioscaí (airgeadais agus neamhairgeadais) atá os comhair na hÉireann sa bhliain amach romhainn.

Thacaigh an Roinn leis an Taoiseach ina chuid oibre chun clú idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú agus a neartú. Áiríodh air sin pleanáil a dhéanamh maidir le agus tacú le rannpháirtíocht an Taoisigh i roinnt post agus i roinnt cuairteanna idirnáisiúnta a bhí dírithe ar thrádáil in 2013 a chuireann ardán ar fáil don Taoiseach chun Éire a chur chun cinn mar láthair do thrádáil, d'infheistíocht agus do thurasóireacht.

Tar éis bhainistiú rathúil Uachtaránacht an AE agus an tslí amach as an tarrtháil, tá feabhas mór tagtha ar chlú idirnáisiúnta na hÉireann, fíric atá léirithe i dtorthaí bannaí ardcheannasacha tar éis imeacht as an tarrtháil, in athbhreithnithe dearfacha ó ghníomhaireachtaí rátála agus Éire ag bogadh suas ón 15ú háit go dtí an 12ú háit in 2013 sa *Corporate Reputations Country Reptrak*.

Lean an Roinn ar aghaidh ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí chun faisnéis a chur ar fáil faoin Saoráil Faisnéise agus d'aistrigh sí níos mó ná 1,100 comhad ina raibh taifid 30 bliana d'aois chuig an gCartlann Náisiúnta lena chinntiú go mbeidh siad ar fáil d'imscrúdú poiblí.

Aistríodh 1,107

comhad 30 bliana d'aois chuig an gCartlann Náisiúnta

Próiseáladh 92

iarratas ar Shaoráil Faisnéise

# *Tosaíocht Straitéiseach 6*
# Athchóiriú

Leanann an Roinn ar aghaidh ag tacú le clár forleathan athchóirithe an Rialtais tríd an gCoiste Comh-Aireachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus trí rannpháirtíocht dhíreach i roinnt tionscnamh. Leis sin tugadh isteach raon beart chun an Dáil agus an Rialtas Áitiúil a ollchóiriú, leanadh ar aghaidh le hathchóiriú Bunreachtúil agus rinneadh seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh chuig an bpobal le níos mó trédhearcachta agus éifeachtúlachta. Seo a leanas roinnt de na príomhbhuaicphointí ó 2013:

- Sa bhreis ar an dá reifreann a reáchtáladh in 2013 , leanadh leis an obair ar athchóiriú Bunreachtúil trí obair an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil.
- Thacaigh an Roinn freisin le cur i bhfeidhm mór-athchóirithe Dála a tugadh isteach i rith 2013 chun seachtain oibre na Dála a mhéadú agus chun maoirsiú an Oireachtais ar an bpróiseas reachtaíochta a fheabhsú.
- Tháinig Comhaontú Bhóthar Haddington i bhfeidhm i mí Iúil 2013 chun laghdú €1 billiún a bhaint amach i mbille pá agus pinsean na seirbhíse poiblí roimh 2016.
- D'fhoilsigh an Rialtas Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí cothrom le dáta ina leagtar amach céim athchóirithe nua uaillmhianach.
- Baineadh amach dul chun cinn suntasach ar sheachadadh seirbhísí a athchóiriú sna príomhearnálacha sláinte, oideachais agus rialtais áitiúil lena n-áirítear bunú Grúpaí Ospidéil agus an chórais maoinithe ospidéil Leanann-an t-airgead-an t-othar; foilsíodh reachtaíocht chun an t-athchóiriú is mó riamh ar an Rialtas Áitiúil le níos mó ná 100 bliain a chur i bhfeidhm; agus pátrúnacht scoile agus iontrálacha scoile a athchóiriú mar aon le rolláil amach na sraithe sóisearaí.

In 2013 cuireadh tús freisin le Clár Athnuachana Státseirbhíse a bhí comhurraithe ag Ard-Rúnaithe as Roinn an Taoisigh agus as an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé mar aidhm leis sin Fís athnuaite a fhorbairt don Státseirbhís amach anseo mar aon le gníomhaíochtaí sonracha chun an Fhís sin a bhaint amach. Tá próiseas comhchomhairle poiblí ar bun freisin chun cuntasacht na Státseirbhíse a láidriú, agus mar thoradh air sin, mar aon le toradh an Chláir Athnuachana, beidh sraith lánpháirtithe athchóirithe ann chun an Státseirbhís a ullmhú do na dúshláin atá amach roimpi.

# *Tosaíocht Straitéiseach 7*
# Cothroime


Trí obair na gCoistí Comh-Aireachta um Bheartas Sóisialta, Sláinte agus Riaráistí Morgáiste, tacaíonn an Roinn le comheagrú idir-Rannach maidir le hathchóirithe agus le feabhsuithe seirbhíse chun tacú le sochaí uilechuimsitheach agus cothrom. Chomheagraigh an Roinn freisin nuashonrú Chlár Náisiúnta Athchóirithe na hÉireann do 2013, inar leagadh amach an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le spriocanna náisiúnta na hÉireann a bhaint amach faoin straitéis AE 2020.

Áiríodh ar na príomhfhorbairtí a cuireadh chun cinn tríd na struchtúir seo in 2013 sraith beart a chomhaontaigh an Rialtas chun dul i ngleic le míúsáid alcóil seoladh *Healthy Ireland: A Framework for Improved Health and Wellbeing;* roghnaíodh 13 tionscadal don chur chuige cheantar-bhunaithe chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí; agus foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach, an Straitéis Beartas Easpa Dídine agus Plean Feidhmithe Míchumais Náisiúnta.

Lean an Coiste Comh-Aireachta um Riaráistí Morgáiste ar aghaidh ag cur dlús le dul chun cinn ar bhearta chun cuidiú le teaghlaigh a bhfuil riaráistí morgáiste orthu. In 2013 bunaíodh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann nua agus d'fhoilsigh an Banc Ceannais spriocanna a bhí faoi cheangal ama do bhainc chun tairiscintí a dhéanamh maidir le réitigh inbhuanaithe, agus comhaontuithe le sealbhóirí-morgáistí a bhí faoi riaráistí a chur i gcrích. Roimh dheireadh 2013, bhí riaráistí morgáiste cobhsaithe agus rinneadh 51,188 athstruchtúrú morgáiste buan idir tomhaltóirí agus iasachtóirí.

I rith 2013, stiúraigh an Roinn próiseas idirchaidrimh le geallsealbhóirí, ina measc bhí cónaitheoirí Halla Priory, Cónaidhm na mBaincéirí Éireannach agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus mar thoradh air sin comhaontaíodh Creat Oibre um Réiteach ar choimpléacs Halla Priory. Tá coiste, atá faoi chathaoirleacht an Dochtúra Martin McAleese, ag déanamh maoirseacht ar chur i bhfeidhm an chreata oibre seo arna thacú ag an Roinn.

Lean an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) ar aghaidh ag tabhairt comhairle don Taoiseach ar shaincheisteanna straitéiseacha maidir le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil na hÉireann ag cur fóram ar fáil do phlé sóisialta idir earnálacha éagsúla agus an Rialtas faoi na dúshláin atá os comhair na tíre.



## *Tosaíocht Straitéiseach 8*

# Síocháin

Mar chomhráthóirí ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, leanann Rialtais na hÉireann agus na Breataine ar aghaidh ag déanamh gach is féidir leo chun tacú leis an bhFeidhmeannas i dTuaisceart Éireann chun síocháin, athmhuintearas agus rathúnas a neartú. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta, tá go leor le déanamh fós. Chuir an Painéal Páirtithe maidir le cainteanna ar pharáidí, ar bhratacha, ar shuaitheantais agus ar an am atá caite, faoi Chathaoirleacht Richard Haass agus faoi Leas-Chathaoirleacht Meghan O'Sullivan, fócas ar fáil i dtaca le dul chun cinn a dhéanamh ar na saincheisteanna seo a bhí fós gan réiteach agus a bhí dúshlánach.

Leanadh ar aghaidh ag cur clár oibre Thuaidh Theas agus Thoir Thiar chun cinn tríd na struchtúir agus institiúidí cuí de chuid Chomhaontú Aoine an Chéasta. D'fhreastail an Taoiseach ar dhá Mhullach de chuid Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus ar dhá chruinniú iomlánach de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas i rith 2013. Táthar fós ag aithint deiseanna breise maidir le comhoibriú ar sheachadadh níos fearr agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de ar sheirbhísí poiblí ar bhonn Thuaidh Theas, mar shampla, fuinneamh, sláinte agus ardoideachas.

Lean an Taoiseach ar aghaidh le sraith cruinnithe le teaghlaigh na n-íospartach ar gach aon taobh den phobal  i dTuaisceart Éireann in 2013. Chas sé leis an nGrúpa Imithe Gan Tásc ná Tuairisc agus le ball den Ghrúpa *Justice for the Forgotten* agus d'fhreastail sé ar sheirbhís Chuimhneacháin an Domhnaigh in Inis Ceithleann.

Leanann an caidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe ar aghaidh ag láidriú. Chas an Taoiseach leis an bPríomh-Aire Cameron i Londain i Márta 2013 chun dul chun cinn maidir leis an gComhráiteas a phlé. Tar éis fhoilsiú Chomhstaidéar Eacnamaíochta chun áiteanna a aimsiú arbh fhéidir comhoibriú a dhéanamh maidir leo, chas ceannairí na Ranna Rialtais as an dá thír le chéile i mBaile Átha Cliath chun clár oibre a leagan amach bunaithe ar thorthaí agus ar  mholtaí an staidéir.

## *Roinn an Taoisigh*

# Caiteachas don bhliain 2013


**Táirgeacht Shealadach 2013**

| | €000 |
|---|---|
| **RIARACHÁN** | |
| Tuarastail, Pá agus Liúntais | 11,323 |
| Taisteal agus Cothabháil | 350 |
| Oiliúint agus Forbairt agus Caiteachais Theagmhasacha | 427 |
| Poist agus Teileachumarsáidí | 339 |
| Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF | 658 |
| Caiteachais Áitreabh Oifige | 328 |
| Seirbhísí Comhairleachta | 0 |
| Uachtaránacht an AE | 2,030 |
| **Iomlán an Riaracháin** | **15,445** |
| **SEIRBHÍSÍ EILE** | |
| An Oifig Náisiúnta Eacnamaíochta agus Forbartha Sóisialta (Deontas-i-gCabhair) | 1,950 |
| Binse Fiosrúcháin | 2,513 |
| Coinbhinsiún Bunreachtúil | 824 |
| Reifreann ar Chonradh um Chobhsaíocht an AE | 1,193 |
| **Ollmhéid Iomlán** | **21,925** |
| Lúide Leithghabhálacha i gCabhair | -960 |
| **Glanmhéid Iomlán** | **20,965** |

(€8.79 iomlán an úis a íocadh in 2013 de bharr íocaíochtaí déanacha)

# Soláthar Foirne

## Baill Foirne sa Roinn*




*183 daoine (coibhéis lánaimseartha) is ea iad seo atá ag obair sa Roinn lena n-áirítear buanfhoireann, iad siúd atá ar iasacht, ar chonarthaí sealadacha, intéirneachtaí agus socruithe eile

# Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2013

In 2013, thomhail an Roinn 2,440 MWh fuinnimh, a bhí comhdhéanta de:

- 1548 MWh Leictreachais;
- 892 MWh Gáis;

Is ionann sin agus laghdú de bheagán os cionn 3% ar thomhaltas leictreachais le bliain anuas.

Tháinig ardú beag ar thomhaltas gáis i rith 2013 mar gheall den chuid is mó ar athríomh a rinneadh ar chion iomlán an spáis urláir arna úsáid ag gach geallsealbhóir laistigh de choimpléasc Thithe an Rialtais/Theach Laighean. Mar sin féin meastar go laghdóidh coire bithmhaise millíní adhmaid atá le suiteáil agus a ghineoidh suas le 25% de riachtanais teasa an choimpléacs ar fad, ár dtomhaltas gáis go mór in 2014.

**Gníomhaíochtaí Beartaithe do 2014**

In 2014, leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag obair chun laghduithe fuinnimh breise a bhaint amach lena n-áirítear aonaid atá níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de a chur in áit roinnt córas agus trealaimh atá ann cheana féin; athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an chórais teasa lena chinntiú gur féidir coigiltis a dhéanamh nuair is féidir; agus laethanta eolais a reáchtáil chun baill foirne a spreagadh chun bheith níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de.